

# ☘ An Lúibín ☘

14 Márta 2019

## An Ghaeilge faoi láthair

Tá idir theangacha láidre agus teangacha laga sa saol seo i dtaca le líon cainteoirí de. Ach ná deirimis nach bhfuil teanga 'lag' in ann gach taobh den saol a chur in iúl go fuinniúil agus go fónta. Is mar sin don Ghaeilge é: í á labhairt ag scata ach é de chumas aici an saol a léiriú ina iomláine. É sin a dhéanamh, sin an fhadhb.

Ar dtús, na cainteoirí. Is beag é líon na gcainteoirí laethúla: timpeall 20,500 sa Ghaeltacht agus timpeall 53,000 lasmuigh den Ghaeltacht (ar mná a bhformhór). Labhraíonn breis is 60% de dhream óg na Gaeltachta an Béarla mar phríomhtheanga agus is cinnte go méadóidh an céatadán sin.<sup>1</sup>

Níor tháinig borradh mór faoi uimhir na nGaeilgeoirí laethúla le tamall de bhlianta anuas. Dúramar tamall ó shin go mb'fhéidir go raibh 300,000 duine lasmuigh den Ghaeltacht a bhfuil Gaeilge réasúnta líofa acu (sin 6% den daonra), idir chainteoirí laethúla, chainteoirí seachtainiúla agus chuid bheag de na daoine nach labhraíonn chomh minic sin í. Meastachán ró-ard é, b'fhéidir.

Is gearr ó bhí alt le Fachtna Ó Drisceoil ar *Tuairisc.ie* i dtaobh Gaeilgeoirí nach dtógann a gclann le Gaeilge.<sup>2</sup> Ní furasta aigne a leithéidí a thuiscint, ach is léir, ar a laghad, gur deacair gan géilleadh ar shlí éigin do theanga an mhóraithe. Agus tá seanfhadhb eile ann i gcónaí – gur beag an deis atá ag daoine óga an teanga a úsáid taobh amuigh den scoil i ngairdín ilbhláthach úd an Bhéarla.

Is cinnte gur mionlach istigh de mhionlach iad na daoine a bhfuil a gcuid Gaeilge chomh beacht agus chomh saibhir lena gcuid Béarla. Is iomaí mac léinn a bhfuil eolas measartha maith ar an teanga aige ach gur deacair dó adhmaid a bhaint as téacs nach bhfágfadh mearbhall air i mBéarla. B'fhéidir nach mbeadh ach cúpla míle Gaeilgeoirí fórlíofa ann, rud atá ina chomhartha míshéanmhar ar staid na teanga. Ach déarfadh daoine suairce (tá a leithéidí ann) go bhféadfadh an scéal a bheith níos measa: abair, mar shampla, nach raibh ach dháréag a bhí in ann ag *Cré na Cille*.

Is iondúil go bhfuil cainteoirí cathrach go bhfuil siad níos oilte ná an choitiantacht agus céim de chineál éigin ag a leath. Míníonn sin, a bheag nó a mhór, cén fáth a bhfuil an oiread sin scrioblálaithe ina measc (féach **Aontas na Scríbhneoirí** thíos). Cúis iontais agus dóchais é litríocht chomhaimseartha a bheith sa teanga ar chor ar bith agus a laghad sin cainteoirí ann. Ach litríocht í a bhfuil formhór na nÉireannach (agus na hEorpa) dall ar fad uirthi.

Agus fágann sin ábhar eile - úsáid na Gaeilge. B'fhéarr le lucht labhartha Béarla (in Éirinn, ar aon nós) an Ghaeilge a choinneáil mar theanga chultúrtha seachas mar theanga ilfheidhmiúil a oireann do ghnóthaí móra an tsaoil. Tá an Stát idir dhá thine Bhealtaine: gá aige leis an teanga mar shiombail ach roinnt Gaeilgeoirí (diabhail an aonsmaoinimh) ag éileamh aitheantas fiúntach fónta.

Tá an dearcadh siombaileach le haithint ar an gcaint a chloistear faoi úsáid na teanga chun turasóirí a mhealladh chun na Gaeltachta. Ní mhínítear go cruinn conas a chuirfí é sin i bhfeidhm agus muintir na háite ag baint tairbhe as an teanga is coitianta ag turasóirí – an Béarla. Aisteoirí a chur ag caint i nGaeilge sna siopaí chun 'unique experience' a sholáthar? An teanga ina maise, tar éis an tsaoil.

Tá a lán scríofa ag Tomás Mac Síomóin (file, gearrscálaí, acadóir, iriseoir) i dtaobh na gcúrsaí seo. In 2014 foilsíodh *The Broken Harp: Identity and Language in Modern Ireland*, saothar aighneasach faoin intinn choilínithe atá,

<sup>1</sup> Alt a bhaineann leis an ábhar: <https://tuairisc.ie/is-mor-idir-fis-teanga-eagraiochtaí-stait-agus-an-fhirinne-sa-ghaeltacht-cathaoirleach-choiste-oireachtais-na-gaeilge/>

<sup>2</sup> <https://tuairisc.ie/ma-ta-fiorghra-agat-don-ghaeilge-bi-deas-leis-na-gaeilgeoiri-nach-dtogann-a-bpaisti-le-gaeilge/>

dar leis, ag an gcuid is mó de mhuintir na hÉireann. B'fhéidir go dtagann an racht salach ar an gcaolchúis aige ó am go ham ach is fiú cúpla sliocht a lua:

However, instead of learning from past failure and, above all, in the absence of a credibly realizable goal, the language revival project moves innocently on from one failed initiative to another, with accompanying wastes of time and resources.

In this Sisyphian never-ending task of re-Gaelicizing the Irish nation, the energy of many sincere and dedicated people, most of whom participate in the task on a voluntary basis, achieves little other than an agreeable modicum of cultural self-satisfaction for participants, often alloyed with a sense of frustration at the lack of any perceptible progress, sometimes leavened by a sense of community afforded by fellow believers.

B'fhéarr leis 'a coherent and realistic strategy' a bhfuil cuspóirí teoranta aige. Leagann sé a leithéid de straitéis amach sa leabhar, cé nach fios an fiú le haon dream dul ina bhun.

Déarfaimis féin an rud céanna atá ráite roimhe seo againn - gur ag pobal beag amháin a bheidh an Ghaeilge feasta ach gur gá go gcuirfí treise ar an nGaeilge fhóna: teanga a bhaineann le gach gné den saol. Níl d'acmhainní ag an Stát an teanga a mhúineadh le héifeacht sna scoileanna lán-Bhéarla agus tá sé thar am scrúdú fuaraigeanta dian a dhéanamh ar éigeantas na Gaeilge. Tá formhór phobal na hÉireann sásta leis an nGaeilge mar chomhartha féiniúlachta; níl fonn orthu í a labhairt agus sin sin. Ach mar a deir an Síomónach, más áil leis an mionlach teanga fhíorbheo a dhéanamh den Ghaeilge ní mór dóibh áitiú ar an Stát na scéimeanna móra baotha a chaitheamh faoi thóin cártaí agus acmhainní a chur chun sochair ar an mionscála.

Thar lear níl pobal Gaeilge d'aon sórt le fáil. Tá líonraí ann, cuid acu níos scaipthe ná a chéile: cainteoirí meánaosta, scoláirí, mic léinn, foghlaimoírí i ranganna nó ag obair ar a gconlán féin, roinnt Éireannach a dhéanann iarracht ar an teanga a chleachtadh in Melbourne nó Halifax. An Ghaeilge mar chaitheamh aimsire den chuid is mó. A mhairt d'aidhm atá ag *An Lúibín*: lánfheidhmiúlacht. Ach tá sé i bhfad níos deacra í sin a bhaint amach lasmuigh d'Éirinn ná in Éirinn féin cheal pobail. Mar sin féin, tá faill againn le tabhairt faoina lán ábhar ar an bhfoilseachán seo. Tapaímis an deis agus bliain eile romhainn.

I ndeireadh na dála, coinníonn an teanga an dé inti féin ar dhóigh éigin. Í ag athrú ó lá go lá, rian teanga eile uirthi, í á daingniú féin arís i limistéir uirbeacha. Bainimis leas aisti mar theanga Éireannach, mar theanga Astrálach, mar theanga de chuid Mheiriceá Thuaidh agus na Breataine. Mar theanga dhomhanda.

Féach

<https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-cp10esil/p10esil/gag/>



#### **Tuairisc ar an mBreatnais san Astráil**

Féach thíos tuairisc ón Australian Broadcasting Corporation (ABC) ar chainteoirí Breatnaise ar mhaith leo a dteanga a chur chun cinn in Sydney. Tá tuismitheoirí ann a bhfuil fonn orthu Breatnais a sheachadadh chun an chéad ghlúin eile, ach níl scoil ann chuige (murab ionann is Seapáinis, Francis agus Gearmáinis) agus tá acmhainní eile de dhíth orthu. Ach tá dóchas fós acu – ar chúis éigin.

<https://www.abc.net.au/news/2019-01-15/welsh-summer-school-in-sydney-language-preservation/10696034>



## Aontas na Scríbhneoirí

Is beag eolas atá ag daoine nach bhfuil Gaeilge acu ar scríbhneoirí na Gaeilge. Taibhsí iad i seanteach na litríochta, iad gan feoil gan tathag. Ní thugann léirmheastóirí Béarla aird orthu (de cheal Gaeilge, ar ndóigh). Sin é an fáth a cuireadh Aontas na Scríbhneoirí ar bun agus anois tá a suíomh féin acu: [www.aontasnascribhneoiri.ie/ga-IE](http://www.aontasnascribhneoiri.ie/ga-IE).

Suíomh slachtmhar é agus eolas ann faoi na scríbhneoirí a bailíodh trí chuardach ar shuímh foilsitheoirí, ar Litríocht.com agus ar shuímh eile. Cuireadh teorainn leis na critéir don Eolaire: fágadh a lán scríbhneoirí as an áireamh toisc gur in irisí nó ar an idirlíon amháin a foilsíodh a saothar.

Tá 525 scríbhneoir Gaeilge as gach cearn ar an liosta anois agus deis ag a thuilleadh a n-ainm a chur leis. Is iomaí cineál scríbhneoireachta luaite ann – úrscéal, gearrscéalta, filíocht, scrípteanna, saothar critice. Is féidir cuardach a dhéanamh de réir ainm, inscne, seánra agus eile. Ní raibh eolas dá leithéid ar fáil in aon áit amháin cheana.

Tá figiúirí le fáil san Eolaire agus scagadh déanta orthu - líon na scríbhneoirí agus a líon i ngach seánra, cúlra teanga agus tíre, líon na mban le hais líon na bhfear, in éineacht le grafanna agus léarscáileanna.

Tá eolas ann freisin ar a lán rudaí eile - tithe cónaitheachta scríbhneoireachta, táillí, sparánachtaí agus coimisiúin, comórtais scríbhneoireachta Gaeilge, comórtais scríbhneoireachta eile, féilte, foilsitheoirí agus irisí.

Roinnt rudaí ar díol spéise iad:

Tá 225 scríbhneoir fir ann le hais 200 scríbhneoir mná.

De réir aoisghrúpa, is iad na scríbhneoirí sa ghrúpa 60-69 is líonmhaire, ansin 50-59, ansin 70-79. Is ionann méid na ngrúpaí 20-29 agus 90-99, na dreamanna is lú.

Sa rannóg ‘Áit ar tógadh’ (agus léarscáil ann mar léiriú) faighimid duine amháin ón bhFionlainn, beirt ó na Stáit, duine amháin ón Astráil, duine amháin ón Ostair, duine amháin ó Phoblacht na Seice, duine amháin ón nGearmáin, triúr ó Albain, beirt ón mBreatain Bheag, seachtar ó Shasana.

Tógadh formhór na scríbhneoirí lasmuigh den Ghaeltacht.

Coiscéim agus Cló Iar-Chonnacht na foilsitheoirí atá chun tosaigh, ach tá 56 foilsitheoir ann a bhfuil saothar i nGaeilge foilsithe acu.



## Tíortha nár chuala tú trácht orthu: 1. Poblacht Shacha

Ar dtús bhí Impireacht na Rúise ann; ansin Aontas na bPoblachtaí Sóivéadacha Sóisialacha; ansin Cónaidhm na Rúise, a bhfuil cuid mhór de na seanphoblachtaí Sóivéadacha inti. Orthu sin tá Poblacht Shacha (nó Poblacht na hIacúite, mar a thugtaí uirthi) sa tSibéir. Is iad na hIacútaigh an pobal dúchasach is forleithne sa phoblacht, ach mar ‘Shachaigh’ is mó atá aithne orthu anois, agus is í an tSachais a dteanga.

Poblacht an-mhór í, cé nach bhfuil ach timpeall 900,000 duine ina gcónaí ann. Tá 3,083,523 ciliméadar cearnach inti agus í breac le haibhneacha, lochanna agus oileáin. Í uafásach fuar sa gheimhreadh agus te go leor sa samhradh. Cósta an Aigéin Artaigh thuaidh aici agus talamh síorshiochta (*permafrost*) ann.

Chríochnaigh an sealad Pléisticeineach, tréimhse an oighir, timpeall 11,700 bliain ó shin, agus thángthas trasna ar choirp reoite ainmhithe sa réigiún: leoin uaimhe, mamait lomracha, srónbheannach lomrach, capaill agus buabhaill a bhí caomhnaithe ag an oighear nó i dtalamh síorshiochta.



Tundra sa tSibéir

*Wikimedia Commons*

Os cionn an chiorcail Artaigh atá timpeall 40% den phoblacht; laistean de sin tá an tundra agus réinfhianna ina dtréada ann, iad beo ar chaonach agus léicean; laistean de sin arís tá na coillte móra, learóga agus crainn phéine. Tá ola, gás, gual, ór, airgead, stán agus tungstan ar fáil; thar aon rud eile tá diamaint ann. As Poblacht Shacha tagann 90% de dhiamaint na Rúise agus breis is 25% de dhiamaint an domhain.

Idir an 13ú agus an 14ú haois a bhain an pobal Sachach an réigiún amach, is dócha, agus iad ag triall aneas ó Loch Baikal. Thug siad tréada leo agus bhrúigh i leataobh na haoirí réinfhianna agus na sealgairí a bhí ann cheana. Faoi 17ú haois bhí na seanphobail dhúchas comhtháthaithe leis na Sachaigh. San aois sin tháinig na Rúisigh isteach i gcúrocha seo an chaonaigh, na gcoillte agus na lochanna, agus ní gan aighneas gan chogadh é. In 1638 bhunaigh Moscó líomatáiste riaracháin ann, agus faoi 18ú haois bhí lonnaitheoirí Rúiseacha ann a tharraing chucu roinnt nósanna dúchasacha.

Bhí an réigiún chomh hiargúlta sin bhí sé de nós ag rialtas an tSáir agus ag an rialtas Cumannach araon daoine a chur ann ina ndeoraithe. Ar na deoraithe sin bhí easaontóirí reiligiúnacha a tháinig sa dara cuid den 19ú haois agus a chuir tús leis an bhfeirmeoireacht - cruithneacht, coirce agus prátaí. Thosaigh an tionsclaíocht agus an mhianadóireacht, dhá rud atá faoi lán seoil fós, agus baint acu le linn Stailín leis na campaí oibre éigeantais.

Is cuid suntais é an réigiún i gcúrsaí reiligiúin agus an Teingreachas á chleachtadh ann, reiligiún a bhí faoi réim riamh i measc phobail na steipeanna. Deir na Teingrigh go bhfuil an saol ag brath ar an spéir shíoraí (Tengri), ar spiorad máthartha na talún agus ar spiorad naofa na spéire, neach atá ina rialóir. Is cóir don duine saol cneasta a chaitheamh chun go dtabharfaidh sé a anam chun foirfeachta.

Tá an seamanachas<sup>3</sup> ann ina theannta sin, le seamain 'gheala' (a threoraíonn an pobal) agus seamain 'dhorcha' (ar féidir leo daoine a leigheas trí thuras spioraid). Rinneadh baill d'Eaglais Cheartchreidmheach na Rúise de na Sachaigh le linn an tSáir ach chloígh mórán Sachach fós leis na sean-nósanna. Ar éigean a tháinig na seamain slán ón ré Shóivéadach, ach thosaigh athbheochan sna 1990í. Chuaigh grúpaí éagsúla i gcomhar le chéile in 2002 chun teampall seamanach a thógáil in Yakutsk, an phríomhchathair. De réir suirbhé a rinneadh in 2012, baineann 37% de phobal na háite le hEaglais Cheartchreidmheach na Rúise agus 13% leis an Teingreachas agus an seamanachas.

Tá an Rúis á labhairt go forleathan ann, in éineacht leis an Sachais, teanga ghleanúnach<sup>4</sup> ar ball í den fhine Thuirciceach<sup>5</sup> agus gaol aici dá bharr sin leis an Tuircis féin. Tá sé de bhuntáiste ag Poblacht Shacha go bhféadann sé caidreamh a chothú leis na stáit Thuirciceacha i gcúrsaí cultúir, polaitíochta, eacnamaíochta agus tionsclaíochta.

<sup>3</sup> Creideann lucht leanúna an tseamanachais (*shamanism*) i saol déithe, deamhan agus spiorad nach bhfuil teacht air ach trí idirghabhálaí a dtugtar 'seaman' air.

<sup>4</sup> Baineann teanga ghleanúnach (*agglutinative*) tairbhe as moirféimí (*morphemes*) agus iad nascthe le chéile. (Moirféim: an t-aonad is lú i ngramadach teanga a bhfuil brí leis.) I dteanga ghleanúnach cuirtear roinnt moirféimí neamhspleácha i ndiaidh a chéile chun focal níos casta a dhéanamh. Má bhaineann tú moirféim amach coinníonn sí a brí féin neamhspleách féin.

<sup>5</sup> D'eascair na teangacha Tuirciceacha (*Turkic*) ó réigiún in oirthear na hÁise agus tá gaol gairid acu lena chéile. Ar ná hairíonna atá acu tá an ghleanúint agus easpa inscní gramadúla. Tá an Tuircis chun tosaigh ina measc.



Yakutsk

*Wikimedia Commons*


Cathair nua-aoiseach agus an iargúltacht ina timpeall is ea Yakutsk, an chathair is mó ar domhan atá suite ar thalamh síorshioctha. Bíonn féile thraidisiúnta samhraidh ann le deasghnátha Sachacha, rince, ceol agus comórtais spóirt, agus ina theannta sin tá saolréim punc ann. Níl an chathair gan ardhcultúr ach oiread: tá amharclanna, músaem agus institiúidí tríú leibhéal ann. Ach ní féidir é a shroichint ar aon bhóthar (cé gur féidir dul ann trasna abhann reoite – an Lena - sa gheimhreadh). Tríd an aer a chaithfear teacht agus imeacht. Anois an t-am, más mian leat cuairt a thabhairt ar Yakutsk agus ar an réigiún reoite máguaird: caithfidh an síorshiocadh géilleadh don téamh domhanda, luath nó mall.



### **Imeacht na scamall**

Is iomaí léitheoir a chuir an-suim in alt leis an iriseoir eolaíochta (agus céimí fisice) Natalie Walchover, ‘Cloud loss could add 8 degrees to global warming,’ in *Quanta Magazine*.<sup>6</sup> Is iomaí tubaisteoir a bhainfeadh sult as a dhólás féin agus an t-alt úd léite acu.

Is iomaí cineál scamall ann – stratas, ciorras, nimbeas, cumulus agus eile. Is minic stratacumulus le feiceáil, é déanta de mheallta móra cruinne dorcha agus é ar snámh faoi bhun 2,000 méadar. Gnáthchuid dár spéir é. Ar nós scamall eile, fanann an stratacumulus (agus is iomaí saghas de ann) idir sinn agus teas na gréine.



Stratacumulus

*Wikimedia Commons*

Baineann clíomeolaithe feidhm as ionsamhlúcháin - eangacha sféarúla a shamhlaíonn atmaisféar an Domhain. Tá a lán rudaí le cur san áireamh – teas, galú, suaiteacht, radaíocht, gaoth, cruth na tíre, leá an oighir. Cuirtear gáis cheaptha teasa isteach san atmaisféar ríomhshamhlaithe agus scrúdaítear an toradh atá orthu. De réir a chéile thuig na pailéichlíomeolaithe go raibh rud éigin ar iarraidh sna hionsamhlúcháin: scamail. Clúdaíonn na scamail timpeall dhá thrian den Domhan ag am ar bith agus iad ag tanú de réir mar atá an Domhan ag éirí níos teo, rud a mhéadaíonn an teas ann féin. Lúb aischothaithe é.

<sup>6</sup> <https://www.quantamagazine.org/cloud-loss-could-add-8-degrees-to-global-warming-20190225/> . Féach freisin <https://www.space.com/clouds-extinct-climate-change.html>

Deir Walchover gur dheacair ar dtús scamail a léirshamlú mar ba cheart. Anois tá taighdeoirí in ann dinimic na scamail a mheas go beacht, rud a ligeann dóibh léargas a fháil ar céard a tharlódh agus CO<sub>2</sub> ag neartú. Tá stratacumulas le fail os cionn an ceathrú cuid den fharraige agus é ag frithchaitheamh idir 30% agus 70% den solas a bheadh súite isteach ag na tonnta dorcha murach sin. Fuair clíomeolaithe de chuid Ollscoil California amach óna gcuid ionsamhlúchán go raibh pointe claochlaithe ann nuair a shroich an tiús dé-ocsaíd charbóin 1,200 páirt sa mhilliún, pointe ab fhurasta a shroichint agus sinn ag dul ar aghaidh mar atáimid. Ag an bpointe sin scaipfeadh an stratacumulas ar fad agus thiocfadh méadú ocht gcéim Celsius ar an teocht, i dteannta na gceithre chéim a bhaineann leis an CO<sub>2</sub> féin. Deirtear go ndéanfadh fiú dhá chéim an-dochar – marú coiréil, tuilte, tinte agus anfaí, agus ardú farraige. Tharraingeodh ceithre chéim ídiú an-mhór speiceas agus ardú farraige ba dheacair a shárú.

Tá dhá rud ann a bhacfaidh fás an stratacumulais:

- Nuair a dhéanfaidh breis CO<sub>2</sub> an t-aer agus an tír a théamh, éireoidh an taobh istigh de scamail níos suaite. Brúfaidh an tsuaiteacht aer te amach trí bharr na scamail, tarraingeoidh sí aer tirim isteach agus titfidh na scamail as a chéile.
- Tiofadh laghdú ar fhuarú bharr na scamail de thoradh mhéadú an teasa. De ghnáth tagann aer fuar tais anuas ó bharr na scamail ina mheallta, rud a fhágann slí go leor d'aer te tais agus é ag éirí aníos go dtí go ndéantar cuid de na scamail de. Nuair a laghdóidh an fuarú, tanóidh an stratacumulas. Súfaidh an fharraige breis teasa isteach agus beidh galú láidir ar siúl dá bharr. Is ionann an toradh atá ar ghal uisce san aer agus atá ar ghás ceaptha teasa. Ní thiofadh d'imeacht an stratacumulais agus de mhéadú na gaile ar fud an Domhain ach géarú an teasa, agus fiú má laghdaítear an méid dé-ocsaíd charbóin san aer ní thiofadh an stratacumulas ar ais.

Más tréimhse scanrúil atá romhainn, ghabh an Domhan trína leithéid cheana. 56 milliún bliain ó shin bhí tréimhse thar a bheith te ann – an tUasmhéid Teirmeach Pailéicéineach-Eoicéineach. Bhí an Domhan cúpla céim níos teo ná mar atá sé inniu, agus tháinig méadú ar an gcarbón, gás ceaptha teasa ó fhoinsé aineoil. Chuir sé sin sé chéim Celsius breise leis an teocht. Bhí an fharraige beagnach ar fiuchadh timpeall an Teochreasa agus díothaíodh cuid mhaith dá raibh inti timpeall an Domhain. D'imigh na mammaigh luatha – moncáithe, capaill agus eile – chun réigiúin níos fuaire, agus chuaigh a dtóirt i laghad le himeacht aimsire toisc nach raibh a oiread cothú sna duilleoga san aer carbónach. Bhí stoirmeacha uafásacha ann: tá maidhmeanna tuile agus tréimhsí fada tirim le fáil sa taifead geolaíoch.

Bíodh dóchas againn – ag na tubaisteoirí agus eile – nach bhfuil a leithéid i ndán dár sliocht.

### Breis eolais

'Possible climate transitions from breakup of stratocumulus decks under greenhouse warming' (alt casta teicniúil):

[https://www.nature.com/articles/s41561-019-0310-1.epdf?referrer\\_access\\_token=\\_nIEGKz107mGhIjpiVUeatRgN0jAjWel9jnR3ZoTv0Nq8LfnDsfOJgJee7VyE1P3Os66kts5LokuiMMwFm4UFpltiLKNyh7f7RYBxQIq0nlSorhLPyFCERz58uK4aFZsc6NoLpZbjqzfuSFetRQLVAarYzvdxA2MUEZopK-z51Y\\_m7QJvhAo6-XWPFdadgE2rVdWGJYfWGVBA\\_GkM87QsKIWL3oN53-PxyhiXcLI4%3D&tracking\\_referrer=www.space.com](https://www.nature.com/articles/s41561-019-0310-1.epdf?referrer_access_token=_nIEGKz107mGhIjpiVUeatRgN0jAjWel9jnR3ZoTv0Nq8LfnDsfOJgJee7VyE1P3Os66kts5LokuiMMwFm4UFpltiLKNyh7f7RYBxQIq0nlSorhLPyFCERz58uK4aFZsc6NoLpZbjqzfuSFetRQLVAarYzvdxA2MUEZopK-z51Y_m7QJvhAo6-XWPFdadgE2rVdWGJYfWGVBA_GkM87QsKIWL3oN53-PxyhiXcLI4%3D&tracking_referrer=www.space.com)

PBS Eons: The Last Time the Globe Warmed

<https://www.youtube.com/watch?v=ldLBoErAhz4>

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).*

## Leagan simplithe

### Tíortha nár chuala tú trácht orthu: 1. Poblacht Shacha

Tá baint ag Poblacht Shacha le Cónaidhm na Rúise, a bhfuil cuid mhór de na seanphoblachtaí Sóivéadacha inti. Tá Poblacht Shacha le fáil i dtuaisceart na Sibéire. Tá sí ainmnithe as na Sachaigh, pobal dúchasach an réigiúin.

Poblacht an-mhór í, cé nach bhfuil ach timpeall 900,000 duine ina gcónaí ann. Tá mórán aibhneacha, lochanna agus oileán ann. Tá sí an-fhuar sa gheimhreadh agus te go leor sa samhradh.

Tháinig daoine trasna ar choirp reoite ainmhithe ann ón sealad Pléisticéineach, tréimhse oighir a chríochnaigh beagnach dhá mhíle dhéag bliain ó shin.

Tá cuid mhór den phoblacht os cionn an chiorcail Artaigh agus tá talamh síorshiochta ann. Laistean de sin tá an tundra, áit a bhfuil réinfhianna le fáil. Níos faide ó dheas arís tá na coillte móra.

Tá ola, gás, gual, ór, airgead, stán agus tungstan le fáil sa phoblacht, agus tá mórán diamant ann. As Poblacht Shacha tagann 90% de dhiamaint na Rúise agus breis is 25% de dhiamaint an domhain.

Idir an tríú haois déag agus an ceathrú haois déag a bhain an pobal Sachach an réigiún amach agus iad ag teacht aneas. Thug siad tréada leo. Bhí aoirí réinfhianna agus sealgairí ann cheana, agus bhí siad comhtháthaithe leis na Sachaigh faoin seachtú haois déag. Tháinig na Rúisigh isteach sa seachtú haois déag agus bhí cogadh ann dá bharr.

Tá an réigiún chomh hiargúlta sin go gcuireadh rialtas an tSáir agus an rialtas Cumannach ann ina ndeoirithe. Bhí campaí oibre éigeantais ann. Thosaigh daoine ag feirmeoireacht ann sa naoú haois déag, agus thosaigh an tionsclaíocht agus an mhianadóireacht freisin.

Is cuid suntais é an réigiún i gcúrsaí reiligiúin. Tugadh ar na Sachaigh dul in Eaglais Cheartchreidmheach na Rúise fadó, ach lean mórán Sachach orthu ag cleachtadh a gcuid nósanna féin. Tá an Teingreachas, reiligiún dúchasach, ann. Deir sé go bhfuil an saol ag brath ar an spéir shioraí (Tengri), ar spiorad máthartha na talún agus ar spiorad naofa na spéire. Tá seamain ann freisin.

Labhraítear idir Rúisis agus Sachais i bPoblacht Shacha. Tá gaol ag an tSachais leis an Tuircis. Tá caidreamh dlúth ag Poblacht Shacha le tíortha eile a bhfuil teangacha dá leithéid acu.

Is é Yakutsk an chathair is mó ar domhan atá suite i dtalamh síorshiochta é. Bíonn féile thraidisiúnta Sachach ann agus saolréim punc ann. Tá amharclanna, músaeim agus institiúidí léinn ann. Is dócha, áfach, go bhfágfaidh an téamh domhanda a rian ar an talamh síorshiochta.

## **Dhá dhán le Colin Ryan**

### **Néaladóir**

Bhí lé aici leis na críocha úd sa spéir  
na fíoracha móra ag éirí ina dtaibhreamh  
ag titim ina maidhm gan torann

iad ina sólas aici  
is an saol ag fealladh uirthi  
an leannán mídhúilis  
an cat ina leac ar an mbóthar

bhí a fhios aici  
go mbeadh na néalta ina timpeall  
san aer ard reoite neamhshaolta  
is an focal deiridh á labhairt  
an focal deiridh ráite

### **Gan bhás**

Tá do chuid dánta sáite  
sa bhás a dúirt sí  
is d'imigh tú leat ar lorg ábhair eile

gáire an ghasúir  
an solas a thiteann i gcúinne seomra  
éide scléipeach an lairicít

rudaí iad a imeoidh uainn  
a dúirt an cat caol dubh leat  
ag siúl an chlaí  
ag léim go réidh ina mharfóir  
trí bhláthanna áille